

Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Chill Bharróg go Bóthar Oscair Mhic Thréinir


Céim 1 – Bóthar Oscair Mhic Thréinir

Bileog Eolais

Ócáid Eolais Phoiblí:




Dé Máirt, an 30 Meitheamh 2026, 4-7 in iarnóin



Ionad Sibhialta Thuaidh Bóthar Bhun Raite.

An Sruthán Aoibhinn Baile Átha Cliath 17 Co. Bhaile Átha Cliath D17 K462 Éire



FORBHREATHNÚ AR AN TIONSCADAL

Cuirfidh Scéim Siúil agus Rothaíochta Bhóthar Chill Bharróg go Bóthar Oscair Mhic Thréinir bealach siúil agus rothaíochta 5 chiliméadar ar fáil feadh Bhóthar Chill Bharróg, Bhóthar Thóin le Gaoith agus Bhóthar Oscair Mhic Thréinir idir acomhal Bhóthar Bhinn Éadair/Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus acomhal Bhóthar Oscair Mhic Thréinir/Bhóthar Chúirt an Bharraigh. Soláthróidh an scéim:

- cosáin rothaíochta nua faoi chosaint feadh an bhealaigh
- uasghráduithe ar acomhail chomharthaíochta le háiseanna feabhsaithe trasnaithe do choisithe agus do rothaíthe
- crosbhealaí coisithe feabhsaithe ag acomhail taobh-bhóithre, le gathanna níos doichte agus cosáin leanúnacha
- feabhsuithe ar an réimse poiblí ag suíomhanna éagsúla



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Bhí comhairliúchán poiblí neamhreachtuil ar siúl in 2023 agus tugann an bhileog seo nuashonrú ar na príomhathruithe dearaidh ó shin.

Chuir an fhoireann dearaidh an t-aiseolas ón bpobal san áireamh agus rinne siad na dearaf a leasú i gcás inarb iomchuí. Rinneadh athruithe breise i gcomhréir le Lámhleabhar Dearaidh Rothaíochta nua an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA).

Príomhathruithe

I measc na bpríomhathruithe dearaidh a rinneadh ó chomhairliúchán poiblí 2023 tá:

- **Uasghráduithe Acomhail**

Beidh uasghrádú iomlán ar 11 acomhal comharthaíochta feadh an bhealaigh 5km iomláin i gceist leis an tionscadal. Beidh acomhail chosanta atá cairdiúil do rothaithe i gceist leis na huasghráduithe seo agus lánaí casadh ar dheis á gcoinneáil ag an am céanna. Cinnteoidh an dearadh nua go leanfaidh an acomhal ag feidhmiú go héifeachtúil agus go gceadóidh sé pasáiste sábháilte do dhaoine atá ag siúl agus ag rothaíocht tríd an acomhal.

- **Rian Rothaíochta Scartha ó Cholbha na Cosáin**

Beidh an rian rothaíochta nua scartha ón trácht anois le colbha coincréite, in ionad an phlean bhunaidh chun bollairdí plaisteacha a shuiteáil. Ardófar an rian rothaíochta os cionn leibhéal an bhóthair agus pábháilfear asfalt dearg air, rud a chuirfidh dromchla rothaíochta níos míne ar fáil atá scartha ón trácht bóthair.

- **Feabhsuithe Breise**

Déanfar uasghrádú ar acomhail eile feadh an bhealaigh chun go mbeidh siad níos éasca agus níos sábháilte do dhaoine atá ag siúl agus ag rothaíocht a thrasnú. Áirítear leis seo na gathanna coirnéil a dhéanamh níos doichte agus cosáin leanúnacha a sholáthar chun tosaíocht a thabhairt do choisithe ar thaobh-bhóithre. Déanfar stadanna bus a uasghrádú chun cloí le Lámhleabhar Dearaidh Rothaíochta is déanaí an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Delivery Plan

Cuirfear an scéim i gcrích i dt trí chéim:

CÉIM 1

Bóthar Oscair Mhic
Thréinir / Bóthar Thóin
le Gaoith – 1.5km



CÉIM 2

Bóthar Thóin le
Gaoith - 1.5km



CÉIM 3

Bóthar Chill
Bharróg – 2km



Léaráidí ealaíontóra na scéime



Íomhá 1: Radharc ag breathnú soir ó dheas feadh Bhóthar Oscair Mhic Thréinir, ag taispeáint dearadh an rian rothaíochta atá beartaithe agus acomhal uasghrádaithe Shráid na Príomhshráide.



Íomhá 1: Radharc ag breathnú soir ó dheas feadh Bhóthar Oscair Mhic Thréinir, ag taispeáint an rian rothaíochta aontreo atá beartaithe ar gach taobh den bhóthar. Tógadh an grianghraf ó Acomhal Chúirt an Bharraigh.

Tá líníochtaí dearaidh agus fótamontáisí ar fáil le feiceáil ag:
<https://www.dublincity.ie/kilbarrack-oscar-traynor>

Beidh siad ar taispeáint freisin ag: Ionad Cathartha an Taoibh Thuaidh,
Bóthar Bhun Raite An Sruthán Aoibhinn, Baile Átha Cliath 17,
Co. Bhaile Átha Cliath D17 K462

Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifig Chlár Taistil Ghníomhaigh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag:



Activetraveloffice@dublincity.ie le hábhar:
Scéim Bhóthar Chill Bharróg go Bóthar Oscar Mhic Thréinir



Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,
Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árann, Cé Árann, D07 H5CH



(01) 222 2536



Le haghaidh nuashonruithe faoin scéim amach anseo, is féidir leat síntiús
a íoc le Foláirimh CCBÁC: alerts.dublincity.ie/activetravel-public

Ócáid Eolais Phoiblí



Dé Máirt, an 30 Meitheamh 2026, 4-7 in iarnóin

Ionad Sibhialta Thuaidh Bóthar Bhun Raite.
An Sruthán Aoibhinn Baile Átha Cliath 17 Co. Bhaile Átha Cliath D17 K462 Éire



SCAN ME

Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear
an Tuarascáil Chomhairliúcháin
Phoiblí, ar fáil ar ár suíomh gréasáin:

www.dublincity.ie/kilbarrack-oscar-traynor



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council